Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2018
(OR. en)

15229/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0220(COD)**

CODEC 2233
ENT 237
MI 947
ENV 860
AGRI 623
PREP-BXT 59
PE 176

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcomhlánaítear reachtaíocht AE maidir le cineálcheadú i ndáil le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas<br>– An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, 10-13 Nollaig 2018) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin sainchomhad seo ar an gcéad léamh agus, ar an gcaoi sin, an dara léamh agus idir-réiteach a sheachaint.

Sa chomhthéacs sin, chuir an rapóirtéir, Marlene MIZZI (S&D, MT) leasú comhréitigh (leasú 19) ar an togra le haghaidh rialacháin i láthair thar ceann an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh leasú ar bith eile síos.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5

## II. VÓTÁIL

Ghlac an seisiún iomlánach an leasú comhréitigh (leasú 19) ar an togra le haghaidh rialacháin ag an vóta a caitheadh ar an 11 Nollaig 2018. Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[2].

Léirítear le seasamh na Parlaiminte an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh na Parlaiminte a fhormheas.

Ansin, d'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Parlaiminte.

---

[2] Rinneadh an leagan sin de sheasamh na Parlaiminte atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail " ▌ ".

# Comhlánaítear reachtaíocht cineálcheadaithe AE i dtaca tarraingt siar na Ríocht Aontaithe ón Aontas ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Nollaig 2018 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena a gcomhlánaítear reachtaíocht cineálcheadaithe AE i dtaca le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas (COM(2018)0397 – C8-0250/2018 – 2018/0220(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM (2018)0397),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0250/2018),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 19 Meán Fómhair 2018[3],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 28 Samhain 2018 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A8-0359/2018),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige é a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[3] IO C 440, 6 12 2018, lch. 95.

**P8_TC1-COD(2018)0220**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 11 Nollaig 2018 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcomhlánaítear reachtaíocht an Aontais maidir le cineálcheadaithe a mhéid a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[5],

[4] IO C 440, 6 12 2018, lch. 95.
[5] Seasamh Pharlaimint na hEorpa an 11 Nollaig 2018.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Márta 2017, chuir an Ríocht Aontaithe isteach fógra á rá go raibh rún aici tarraingt siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). ***Scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta theacht i bhfeidhm*** an chomhaontaithe um tharraingt siar nó, ***ina éagmais sin, dhá bhliain tar éis an fhógra sin, i.e. ón 30 Márta 2019, mura rud é go gcinneann*** an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, ***an tréimhse sin a fhadú***. ▌

***(2) Maidir leis an gcomhaontú um tharraingt siar, mar a comhaontaíodh ag na hidirbheartaithe, forálfaidh sé do shocruithe a cheadaíonn forálacha dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndiaidh an dáta a thiocfaidh deireadh le feidhm a bheith ag na Conarthaí i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe. Má thagann an comhaontú sin i bhfeidhm, beidh feidhm ag reachtaíocht cineálcheadaithe an Aontais i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe le linn na hidirthréimhse i gcomhréir leis an gcomhaontú sin agus scoirfidh an reachtaíocht sin d'fheidhm a bheith aici ag deireadh na tréimhse sin.***

(3) Bunaíodh creat reachtaíochta cuimsitheach an Aontais maidir le cineálcheadú le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] agus Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

(4) Leis na gníomhartha sin, is faoi na monaróirí féin atá sé an t-údarás cineálcheadaithe a roghnú óna bhfaighidh siad cineálcheadú, rud a fhágann go mbíonn siad in ann feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a chur ar mhargadh an Aontais.

(5) Is é an éifeacht a bheadh ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, in éagmais aon fhorálacha speisialta, ná nach bhféadfaí rochtain ar mhargadh an Aontais a áirithiú a thuilleadh do ***chineálcheaduithe CE agus*** cineálcheaduithe ***AE*** a ndearna údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe ('údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe') iad a dheonú roimhe sin***, i gcomhréir le gníomhartha rialála an Aontais***. Tá cineálcheaduithe den chineál sin freisin ag monaróirí atá bunaithe i mBallstáit seachas an Ríocht Aontaithe. Cé gur féidir feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá cineálcheadaithe ag an Ríocht Aontaithe***, i gcomhréir le gníomhartha rialála an Aontais,*** a chur ar mhargadh an Aontais go dtí go scoirfidh ***reachtaíocht cineálcheadaithe*** an Aontais d'fheidhm a bheith aige i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, is gá forálacha speisialta a bhunú chun éascaíocht a dhéanamh ar na feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh sin a chur ar an margadh i ndiaidh an dáta sin.

---

6 Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin, a cheadú (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1).

7 Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta (IO L 60, 2.3.2013, lch. 1).

8 Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

9 Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 53).

(6) Faoi láthair, ní fhoráiltear le reachtaíocht an Aontais maidir le cineálcheadú don deis cineálacha a ceadaíodh cheana in áit eile san Aontas a athcheadú. Ba cheart, áfach, go mbeadh monaróirí in ann leanúint d'fheithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh, a bhí bunaithe roimhe sin ar chineálcheaduithe a bhí deonaithe ag údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe, a tháirgeadh agus leanúint de na feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh sin a chur ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, is gá cineálcheaduithe a thabhairt do mhonaróirí ceaduithe nua a fháil ó údaráis cineálcheadaithe na mBallstát seachas an Ríocht Aontaithe.

(7) Ba cheart a áirithiú freisin leis an Rialachán seo go leanfaidh monaróirí den tsaoirse is mó is féidir a bheith acu chun údarás ***cineálcheadaithe eile de chuid an Aontais*** a roghnú. Go háirithe, ba cheart nach mbeadh an rogha sin atá ag an monaróir ag brath ar thoiliú údarás cineálcheadaithe na Ríocht Aontaithe nó ar aon socruithe a bheith ann idir údarás cineálcheadaithe na Ríocht Aontaithe agus an t-údarás cineálcheadaithe ***nua de chuid an Aontais***.

(8) Chun an deimhneacht dhlíthiúil is gá a sholáthar do na geallsealbhóirí uile lena mbaineann agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú do mhonaróirí, is gá coinníollacha is infheidhme sna Ballstáit uile a leagan síos ar dhóigh thrédhearcach.

(9) Chun gur féidir leanúint de na feithiclí, na córais, na comhpháirteanna agus na haonaid theicniúla ar leithligh a tháirgeadh agus iad a chur ar an margadh, is é ba cheart a bheith sna ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag na cineálacha sin ionas go bhfaighidh siad ceadú ó údarás Ballstáit seachas an Ríocht Aontaithe ná na ceanglais is infheidhme maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh nua a chur ar an margadh agus níor cheart na ceanglais is infheidhme maidir le cineálacha nua a bheith san áireamh.

(10) Na ceanglais maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh nua, tá feidhm acu ar an gcaoi chéanna maidir le monaróirí a bhfuil cineálcheaduithe acu a dheonaigh Ballstáit seachas an Ríocht Aontaithe. Trí na ceanglais chéanna a leagan síos maidir le cineálacha a cheadú faoin Rialachán seo maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh nua a chur ar an margadh, tá mar aidhm leis cóir chomhionann a áirithiú idir monaróirí a ndéanfaidh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe difear dóibh agus monaróirí a bhfuil cineálcheaduithe acu a dheonaigh Ballstáit seachas an Ríocht Aontaithe.

(11) Aon ní atá sa Rialachán seo, níor cheart go ndéanfadh sé cosc a chur ar mhonaróir feithicle iarratas a dhéanamh ar bhonn deonach ar cheadú ón Aontas i leith cineál feithicle a ceadaíodh roimhe sin sa Ríocht Aontaithe, mar gheall ar cheanglais áirithe is infheidhme maidir le cineálacha nua córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh i gcás ina leanann an cineál feithicle de bheith comhionann ar gach dóigh leis an gcineál a ceadaíodh sa Ríocht Aontaithe.

(12) Maidir le cineálcheaduithe a lorgaítear i dtaobh cineálacha nua feithiclí, córas, comhpháirteanna nó aonad teicniúil ar leithligh, ba cheart nach dtiocfaidís faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

(13) Ba cheart go bhféadfadh na cineálcheaduithe a dheonaítear ar bhonn an Rialacháin seo a bheith bunaithe ar na tuarascálacha tástála a cuireadh isteach cheana chun críocha cinéalcheaduithe a fháil sa Ríocht Aontaithe, más rud é nár tháinig athrú ar na ceanglais a bhí mar bhonn leis na tuarascálacha tástála sin. Chun go gceadófaí leanúint d'úsáid a bhaint as na tuarascálacha tástála arna n-eisiúint ag an tseirbhís theicniúil ar thug an Ríocht Aontaithe fógra ina leith, ba cheart don Rialachán seo foráil do dhíolmhú ón gceanglas nach mór don údarás a dheonaíonn cineálcheadú an tseirbhís theicniúil sin a ainmniú agus fógra a thabhairt ag an mBallstáit don Choimisiún ina leith. Ionas go gcuimseofar freisin an t-am ar lena linn a bheidh ***reachtaíocht cineálcheadaithe*** an Aontais scortha de bheith infheidhme i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, ba cheart don Rialachán seo freisin foráil do dhíolmhú ó na ceanglais shonracha a bhaineann le seirbhísí teicniúla tríú tíortha a ainmniú agus fógra a thabhairt ina leith.

(14) Ag an am céanna, ós rud é go mbeidh údaráis cheadaithe de chuid an Aontais freagrach go hiomlán as cineálcheaduithe nua an Aontais a dheonóidh siad, ba cheart an lánrogha a bheith acu a éileamh go ndéanfaí tástálacha nua ar aon ghné den chineálcheadú de réir mar is cuí leo.

(15) Sa mhéid is nach bhforálann an Rialachán seo dá mhalairt, ba cheart go leanfadh na rialacha ginearálta maidir le cineálcheadú CE agus cineálcheadú AE d'fheidhm a bheith acu.

(16) Ba cheart a chur san áireamh nach dtagann deireadh leis an ról a thugtar d'údaráis cineálcheadaithe nuair a tháirgtear feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh, nó nuair a chuirtear ar an margadh iad, ach go leanann sé ar feadh roinnt blianta tar éis na feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh sin a bheith curtha ar an margadh. Tá feidhm aige sin, go háirithe, maidir le hoibleagáidí comhréireachta inseirbhíse i dtaca le feithiclí a thagann faoi Threoir 2007/46/CE agus a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí faisnéise i dtaobh deisiú agus cothabhála agus aisghlaonna féideartha i dtaca le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a thagann faoi Threoir 2007/46/CE, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 nó Rialachán (AE) 2016/1628. Dá bhrí sin, ní mór don údarás a dheonaíonn cineálcheadú an Aontais i gcomhréir leis an Rialachán seo na hoibleagáidí sin a ghabháil air féin freisin i dtaca le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá bunaithe ar an gcineál céanna agus a cuireadh ar margadh an Aontais cheana ar bhonn cineálcheadaithe na Ríocht Aontaithe chun a áirithiú gurb ann d'údarás cineálcheadaithe freagrach.

***(17)*** ***Nuair a bhaineann monaróirí úsáid as na nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh cineálcheadú na Ríochta Aontaithe atá acu chun bheith neamhbhailí sula scoirfidh reachtaíocht cineálcheadaithe an Aontais d'fheidhm a bheith aici i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe mar gheall air go ndearnadh cineálcheadú an Aontais a dheonú don chineál céanna. Ós rud é nár cheart go mbeadh monaróirí faoi mhíbhuntáiste de bharr gur bhaineadar úsáid as an Rialachán seo, ba cheart cead a thabhairt an stoc d'fheithiclí, de chórais, de chomhpháirteanna agus d'aonaid theicniúla ar leithligh atá comhlántach agus a táirgeadh ar bhonn cineálcheadú ón Ríocht Aontaithe a chur ar an margadh, a chlárú agus a chur i mbun seirbhíse ón uair a bheidh cineálcheadú nua ón Aontas faighte ag na monaróirí agus chomh fada agus a leanann reachtaíocht cineálcheadaithe an Aontais d'fheidhm a bheith aici i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, ar an gcoinníoll go leanann na*** feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh ***sin de cheanglais ghinearálta na ngníomhartha a liostaítear in Airteagal 1 a chomhlíonadh. Ós rud é go bhféadfadh difríocht a bheith idir na hamanna a tharlaíonn cur ar an margadh, clárú agus dul i mbun seirbhíse, ba cheart an t-am a tharlaíonn an chéad cheann de na céimeanna sin a úsáid chun a chinntiú na teorainneacha ama a leagtar amach sa Rialachán seo.***

(18) Ní mór freisin go ngabhfadh údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais oibleagáidí áirithe chucu féin i dtaca le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a cuireadh ar an margadh ar bhonn cineálcheaduithe na Ríochta Aontaithe ach nach bhfuil bailí a thuilleadh de bhun Airteagal 17 de Threoir 2007/46/CE, Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 nó Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/1628 nó nach bhfuil cineálcheadú á iarraidh ina leith. Chun a áirithiú gurb ann d'údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais freagrach, ba cheart a cheangal ar mhonaróirí a iarraidh ar údarás cineálcheadaithe an Aontais atá ann chun cineálacha a ceadaíodh roimhe sin sa Ríocht Aontaithe a cheadú oibleagáidí a ghabháil chucu féin i dtaca le haisghlaonna, faisnéis deisithe agus chothabhála agus seiceálacha comhréireachta inseirbhíse i ndáil lena bhfeithiclí, a gcórais, a gcomhpháirteanna agus a n-aonaid theicniúla ar leithligh atá bunaithe ar chineálacha eile agus atá curtha ar mhargadh an Aontais cheana. Chun méid na n-oibleagáidí a ghabhfaidh údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais chuige féin a theorannú, ba cheart nach mbeadh na hoibleagáidí sin bainteach ach le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá bunaithe ar chineálcheaduithe na Ríochta Aontaithe a deonaíodh tar éis an 1 Eanáir 2008.

*(19) Maidir le cinntí na n-údarás náisiúnta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 27(3) de Threoir 2007/46/CE, Airteagal 39(3) de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 nó Airteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, ar cinntí iad a cheadaíonn feithiclí ceann sraithe, a bhí i gcomhréir le cineál a mbeidh a chineálcheadú ón Ríocht Aontaithe tagtha chun bheith neamhbhailí roimh an lá a scoirfidh reachtaíocht cineálcheadaithe an Aontais de bheith infheidhme i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, a chur ar an margadh, a chlárú, a dhíol nó a chur i mbun seirbhíse, ba cheart go mbeidís fós infheidhme fad atá feidhm fós ag reachtaíocht cineálcheadaithe an Aontais i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.*

*(20) Na díolúintí agus na forálacha idirthréimhseacha is infheidhme maidir le hinnill nó feithiclí agus soghluaiste nach innealra bóthair é, ina bhfuil innealra den sórt sin suiteáilte mar a leagtar amach in Airteagal 10(7) de Threoir 97/68/CE, Airteagal 34(7) agus (8) nó Airteagal 58(5) go (11) de Rialachán (AE) 2016/1628, agus i ngníomhartha a glacadh ar bhonn Airteagal 19(6), Airteagal 20(8), Airteagal 28(6) agus Airteagal 53(12) de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus a cheadaíonn innill, feithiclí agus soghluaiste nach innealra bóthair é den sórt sin a chur ar an margadh gan gá a bheith le cineálcheadú bailí, ba cheart go leanfaidís d'fheidhm a bheith acu.*

(21) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon Treoir 2007/46/CE, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 agus Rialachán (AE) 2016/1628 a chomhlánú le rialacha speisialta a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus éifeachtaí an Rialacháin seo, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(22) Chun go bhféadfaidh monaróirí na bearta is gá a dhéanamh chun ullmhúchán a dhéanamh gan mhoill do tharraingt siar na Ríochta Aontaithe a mhéid a bhaineann le reachtaíocht de chuid an Aontais maidir le cineálcheadú, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm ar an tríú lá tar éis a fhoilsithe san Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh**,**

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Tá an Rialachán seo ina chomhlánú ar Threoir 2007/46/CE, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, agus Rialachán (AE) 2016/1628 trí fhorálacha speisialta a bhunú maidir le cineálcheadú AE agus maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a mbeidh cineálcheadú déanta orthu ag údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe a chur ar an margadh▌ ***fad a bheidh reachtaíocht cineálcheadaithe*** an Aontais ***dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo fós i bhfeidhm*** i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe ('údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe').

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a thagann faoi raon feidhme Threoir 2007/46/CE, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 nó Rialachán (AE) 2016/1628 agus maidir lena gcineálacha a ndearna údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe iad a cheadú ar bhonn na ngníomhartha sin nó ar bhonn aon ghnímh ***rialála de chuid an Aontais*** a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2007/46/CE nó ar bhonn aon ghnímh ***rialála*** a aisghairtear leis na gníomhartha ***rialála*** sin ***de chuid an Aontais***.

2. Is é a thuigfear le tagairtí d'aonaid theicniúla ar leithligh faoin Rialachán seo ná tagairtí a chumhdaíonn innill faoi Rialachán (AE) 2016/1628.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais' údarás cineálcheadaithe aon Bhallstáit seachas an Ríocht Aontaithe;

(2) ciallaíonn 'cineálcheadú na Ríochta Aontaithe' cineálcheadú CE nó cineálcheadú AE arna dheonú ag údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe;

(3) ciallaíonn 'cineálcheadú an Aontais' cineálcheadú AE arna dheonú ag údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Iarratas ar chineálcheadú de chuid an Aontais

1. De mhaolú ar Airteagal 6(6) ***agus Airteagal 7(1)*** de Threoir 2007/46/CE, Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 agus Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2016/1628, féadfaidh monaróir a bhfuil cineálcheadú na Ríochta Aontaithe aige nach bhfuil tagtha chun bheith neamhbhailí de bhun Airteagal 17 de Threoir 2007/46/CE, Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 nó Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/1628, ***agus go dtí go*** scoirfidh ***reachtaíocht cineálcheadaithe*** an Aontais ***dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo*** d'fheidhm a bheith aige i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, ***iarratas a chur isteach*** chuig údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais ar ***chineálcheadú*** an Aontais don chineál céanna.

2. Chun go gceadófar é, ní mór go mbeadh na ceanglais uile maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i mbun seirbhíse, agus is infheidhme an tráth a ghabhann éifeacht le cineálcheadú AE, á gcomhlíonadh ag an gcineál.

3. Tríd an iarratas a chur isteach de bhun mhír 1, beidh an monaróir faoi dhliteanas táillí leormhaithe a íoc, ***de réir mar a dhéanann an t-údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais iad a leagan síos,*** i leith aon chostas a thagann as na cumhachtaí sin a chur i bhfeidhm agus as oibleagáidí an údaráis cineálcheadaithe de chuid an Aontais maidir le cineálcheadú an Aontais a chomhlíonadh.

4. ***Nuair a bheidh iarratas de bhun mhír 1 den Airteagal seo á chur isteach ag an monaróir, déanfaidh sé, arna iarraidh sin don údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais, aon doiciméadacht agus faisnéis a mheasann an t-údarás a bheith riachtanach chun go gcinnfeadh sé an ndéanfar cineálcheadú an Aontais a dheonú i gcomhréir le hAirteagal 5 a thíolacadh.***

***Féadfaidh an cineálcheadú bunaidh ón Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear gach leasú, fillteán faisnéise agus tuarascálacha tástála, a bheith ar áireamh sa doiciméadacht agus san fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír. I gcás feithiclí, d'fhéadfadh aon chineálcheadú CE, chineálcheadú AE nó chineálcheadú NA, mar aon lena gceangaltáin, a bheith ar áireamh in iarraidh den sórt sin mar chuid den chineálcheadú iomlán don fheithicil.***

Airteagal 5

Coinníollacha maidir le cineálcheadú an Aontais a dheonú agus na héifeachtaí atá aige sin

1. De mhaolú ar Airteagal 8(2), Airteagal 9(1) ▌ agus Airteagal 10(1) agus (2) de Threoir 2007/46/CE, Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Airteagal 7(2) agus Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 agus Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2016/1628, féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais a bhfuil iarratas faighte aige i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo cineálcheadú an Aontais a dheonú i dtaca le feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh má chomhlíontar leis an gcineál sin, tráth a ghabhfaidh éifeacht le cineálcheadú an Aontais, ar a laghad na ceanglais uile is infheidhme maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i mbun seirbhíse.

2. Sa mhéid is nach bhfuil aon cheanglais nua infheidhme agus gan dochar do mhír 3 ***den Airteagal seo***, féadfar cineálcheadú an Aontais a dheonú ar bhonn na dtuarascálacha tástála céanna ar baineadh úsáid astu roimhe sin chun cineálcheadú na Ríochta Aontaithe a dheonú i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme, gan beann ar an tseirbhís theicniúil a d'eisigh an tuarascáil tástála a bheith ainmnithe agus fógra a bheith tugtha ina leith ag an mBallstát ***a dheonaigh*** cineálcheadú an Aontais i gcomhréir le Treoir 2007/46/CE, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, nó Rialachán (AE) 2016/1628, agus fiú amháin ***i ndiaidh do reachtaíocht cineálcheadaithe*** an Aontais ***dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo*** scor d'fheidhm a bheith aige i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.

3. Sula ndéantar cineálcheadú an Aontais a dheonú, féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais a iarraidh go ndéanfaí tástálacha sonracha an athuair. Sa chás sin, féadfaidh seirbhís theicniúil atá ainmnithe agus a bhfuil fógra tugtha ina leith ag Ballstát an údaráis cineálcheadaithe de chuid an Aontais i gcomhréir le Treoir 2007/46/CE, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 nó Rialachán (AE) 2016/1628 na tastálacha sin a dhéanamh.

4. An cineál a cheadaítear i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, gheobhaidh sé deimhniú cineálcheadaithe AE ar a mbeidh uimhir ina mbeidh sainuimhir an Bhallstáit arb é a údarás cineálcheadaithe a rinne cineálcheadú an Aontais a dheonú agus uimhir an ghnímh is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 2(1). Beidh san áireamh ann freisin uimhir an ghnímh leasaithigh is déanaí ina bhfuil ceanglais maidir le cineálcheadú ar i gcomhréir leis a dheonaítear cineálcheadú an Aontais. I gcás feithiclí, beidh sa deimhniú cineálcheadaithe agus sa deimhniú comhréireachta, faoi 'Nótaí:', an trácht "Cineálcheadaithe cheana mar" agus déanfar tagairt iontu d'uimhir ***agus do dháta*** an deimhnithe cineálcheadaithe a fuarthas ar bhonn chineálcheadú na Ríochta Aontaithe. I gcás córas, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh, is "Cineálcheadaithe cheana agus marcáilte mar" a bheidh sa trácht sa deimhniú ar chineálcheadú agus déanfar tagairt ann don mharcáil cineálcheadaithe a fuarthas ar bhonn chineálcheadú na Ríochta Aontaithe.

5. Gabhfaidh éifeacht le cineálcheadú an Aontais an lá a dheonófar é nó ar dháta níos déanaí a chinnfear ann. ***Tiocfaidh*** cineálcheadú na Ríochta Aontaithe ***chun bheidh neamhbhailí ar an lá roimh an lá*** a ghabhfaidh éifeacht le cineálcheadú an Aontais. Ar aon chuma, tiocfaidh sé ***chun bheidh neamhbhailí, ar a dhéanaí,*** an lá ***a scoirfidh reachtaíocht cineálcheadaithe an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 2(1) d'fheidhm a bheith aici i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.***

6. Measfar gur cineálcheadú CE nó cineálcheadú AE a bheidh i gcineálcheadú an Aontais de réir bhrí Threoir 2007/46/CE nó aon ghnímh eile a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 nó Rialachán (AE) Uimh. 2016/1628. Leanfaidh forálacha uile na ngníomhartha sin nach ndéanfar maolú orthu leis an Rialachán seo d'fheidhm a bheith acu. Glacfaidh an t-údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais freagracht iomlán as na hoibleagáidí a thagann as cineálcheadú an Aontais.

Amhail ón uair a ghabhfaidh éifeacht le cineálcheadú AE, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais cumhachtaí uile údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe a fheidhmiú, agus a chuid oibleagáidí uile a chomhlíonadh, a mhéid a bhaineann ***leis na nithe seo a leanas:***

***(a) feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh arna dtáirgeadh ar bhonn chineálcheadú na Ríochta Aontaithe agus a bheidh curtha ar an margadh, cláraithe nó curtha i mbun seirbhíse cheana féin san Aontas;***

***(b) feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh arna dtáirgeadh ar bhonn chineálcheadú na Ríochta Aontaithe agus atá le cur ar an margadh, le clárú nó le cur i mbun seirbhíse san Aontas i gcomhréir leis an tríú fomhír***.

***Feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh arna dtáirgeadh ar bhonn chineálcheadú na Ríochta Aontaithe a thagann chun bheith neamhbhailí mar gheall ar chineálcheadú an Aontais a dheonú ina leith, féadfar iad a chur ar an margadh, a chlárú agus a chur i mbun seirbhíse san Aontas go dtí go scoirfidh reachtaíocht cineálcheadaithe an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo d'fheidhm a bheith aici i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe nó, más rud é go dtagann cineálcheadú an Aontais chun bheith neamhbhailí roimh an dáta sin de bhun Airteagal 17 de Threoir 2007/46/CE, Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 nó Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/1628, go dtí an dáta ar a dtiocfaidh cineálcheadú an Aontais chun bheith neamhbhailí. I gcás feithiclí, déanfaidh na monaróirí uimhir chineálcheadú an Aontais a thabhairt le fios i bhforlíonadh ar an deimhniú comhréireachta sula ndéantar na feithiclí sin a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i mbun seirbhíse san Aontas.***

***Ní bheidh an t-údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais faoi dhliteanas i leith aon ghnímh nó neamhghnímh ó údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe.***

Airteagal 6

An t-údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais atá freagrach as feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh de chineálacha nach ndeonaítear ceadú dóibh faoin Rialachán seo

1. Nuair a bheidh iarratas á dhéanamh ag monaróir ar chineálcheadú an Aontais faoi Airteagal 4, iarrfaidh sé freisin ar an údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais atá i gceist oibleagáidí údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe a ghabháil chuige féin i dtaca le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh eile an mhonaróra a cuireadh ar an margadh, a cláraíodh nó a cuireadh i mbun seirbhíse san Aontas ar bhonn cineálcheaduithe ón Ríocht Aontaithe nach bhfuil tagtha chun bheith neamhbhailí de bhun Airteagal 17 de Threoir 2007/46/CE, Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013, Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 nó Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/1628, nó nach n-iarrtar cineálcheadú an Aontais ina leith faoin Rialachán seo.

   Déanfar iarraidh den sórt sin i dtaca le gach feithicil, córas, comhpháirt agus aonad teicniúil ar leithligh atá bunaithe ar chineálcheaduithe na Ríochta Aontaithe atá i seilbh an mhonaróra agus a deonaíodh roimh an 1 Eanáir 2008, mura rud é go gcuireann an monaróir cruthúnas ar fáil don údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais á rá go bhfuil comhaontú déanta aige le húdarás cineálcheadaithe eile de chuid an Aontais faoina gcumhdaítear na feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh sin.

2. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais cineálcheadú an Aontais a dheonú i gcomhréir le hAirteagal 5 sa chás amháin go mbeidh sé tar éis glacadh leis an iarraidh a dhéantar de bhun mhír 1 den Airteagal seo agus tar éis don mhonaróir a aontú go seasfaidh sé féin na costais a thabhóidh an t-údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais mar thoradh ar a chumhachtaí a fheidhmiú agus a oibleagáidí a chomhlíonadh i dtaca leis na feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh lena mbaineann.

3. Tar éis dó glacadh leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus cineálcheadú an Aontais a dheonú i gcomhréir le hAirteagal 5, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais cumhachtaí uile údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe a fheidhmiú, agus a chuid oibleagáidí uile a chomhlíonadh, a mhéid a bhaineann le gach feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh arna dtáirgeadh ar bhonn chineálcheaduithe na Ríochta Aontaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i ndáil le haisghlaonna, faisnéis deisithe agus chothabhála agus seiceálacha comhréireachta inseirbhíse. Ní ***bheidh an t-údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais faoi*** dhliteanas i leith aon ghnímh nó neamhghnímh ***ó*** údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe.

4. Cuirfidh an t-údarás cineálcheadaithe de chuid an Aontais údaráis cineálcheadaithe na mBallstát eile agus an Coimisiún ar an eolas i dtaobh na gcineálacha ar thoiligh sé oibleagáidí údarás cineálcheadaithe na Ríochta Aontaithe ina leith a ghlacadh chuige féin i gcomhréir le mír 1.

***Airteagal 7***
***Forálacha sonracha***

***Leis an Rialachán seo, ní chuirfear bac ar innill, feithiclí ná innealra soghluaiste nach innealra bóthair é agus a bhfuil innill den sórt sin suiteáilte iontu, atá i gcomhréir le cineál a bhfuil a chineálcheadú ón Ríocht Aontaithe tagtha chun bheith neamhbhailí, a chur ar an margadh, a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i mbun seirbhíse fad atá feidhm fós ag reachtaíocht cineálcheadaithe an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo i leith na Ríochta Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, i gcomhréir le hAirteagal 10(7) de Threoir 97/68/CE, Airteagal 34(7) agus (8) nó Airteagal 58(5) go (11) de Rialachán (AE) 2016/1628 agus gníomhartha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 19(6), Airteagal 20(8), Airteagal 28(6) agus Airteagal 53(12) de Rialachán (AE) Uimh. 167/2013.***

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*